



Uimhir 24 de 1991

An tAcht Iomaíochta, 1991
[An tiontú oifigiúil]



Uimhir 24 de 1991

AN tACHT IOMAÍOCHTA, 1991

[An tiontú oifigiúil]

RIAR NA nALT

CUID I

RÉAMHRÁITEACH

Alt

1. Gearrtheideal.
2. Tosach feidhme.
3. Léiriú.

CUID II

RIALACHA IOMAÍOCHTA

4. Comhaontuithe, cinntí agus cleachtais chomhbheartaithe atá frithiomaíoch.
5. Mí-úsáid ceannasachta.
6. Ceart caingne.
7. Fógra a thabhairt don Údarás maidir le comhaontuithe, cinntí agus cleachtais chomhbheartaithe.
8. Ceadúnas ón Údarás faoi alt 4(2) agus deimhniú ón Údarás faoi alt 4(4).
9. Achomharc chun na hArd-Chúirte.

CUID III

AN tÚDARÁS IOMAÍOCHTA

10. An tÚdarás Iomaíochta a bhunú.
11. Staidéir agus anailísí ag an Údarás.
12. Tuarascálacha.

CUID IV

CUMASC, TÁTHCHEANGAIL AGUS MONAPLACHTAÍ

13. Forléiriú le hAcht 1978.
14. Imscrúdú ar mhí-úsáid ceannasachta.
15. Mínte in Acht 1978.
16. Fógra a thabhairt maidir le cumasc nó táthcheangal beartaithe.
17. Leasú ar ailt 6, 7 agus 8 d'Acht 1978.
18. Leasú ar alt 9 d'Acht 1978.
19. Comhchruinnithe a rialú.

CUID V

GINEARÁLTA

20. Oifigigh údaraithe.
21. Cumhachtaí oifigeach údaraithe.
22. Aisghairm.
23. Rialacháin.
24. Caiteachais.

AN SCEIDEAL

AN tÚDARÁS IOMAÍOCHTA

NA hACHTANNA DÁ dTAGRAÍTEAR

Acht Choimisinéirí na Stát-Sheirbhíse, 1956	1956, Uimh. 45
An tAcht um Thoghcháin do Thionól na hEorpa, 1977	1977, Uimh. 30
An tAcht um Thoghcháin do Thionól na hEorpa, 1984	1984, Uimh. 6
An tAcht um Chumasc, Táthcheangail agus Monaplachtaí (Rialú), 1978	1978, Uimh. 17
An tAcht um Chleachtais Srianata, 1972	1972, Uimh. 11
An tAcht um Chleachtais Srianata (Leasú), 1987	1987, Uimh. 31



Uimhir 24 de 1991

AN tACHT IOMAÍOCHTA, 1991

[An tiontú oifigiúil]

ACHT DO CHUR TOIRMISC, DE RÉIR ANALAÍ LE hAIRTEAGAIL 85 AGUS 86 DEN CHONRADH AG BUNÚ CHOMHPHOBAL EACNAMÁIOCHTA NA hEORPA, AGUS AR MHAITHE LE LEAS AN PHOBAIL, AR IOMAÍOCHT A CHOSC, A SHRIANADH NÓ A SHAOBHADH AGUS AR MHÍ-ÚSÁID CEANNASACHTA I dTRÁDÁIL SA STÁT, DO BHUNÚ ÚDARÁIS IOMAÍOCHTA, DO LEASÚ AN ACHTA UM CHUMÁISC, TÁTHCHEANGAIL AGUS MONAPLACHTAÍ (RIALÚ), 1978, AGUS DO DHÉANAMH SOCRÚ I dTAOBH NITHE EILE A BHAINNEANN LEIS NA NITHE RÉAMHRÁITE. [22 *Iúil*, 1991]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

CUID I

RÉAMHRÁITEACH

1.—Féadfar an tAcht Iomaíochta, 1991, a ghairm den Acht seo. Gearrtheideal.

2.—(1) Tiocfaidh an tAcht seo i ngníomh cibé lá nó laethanta a shocrófar chuige sin le hordú nó le horduithe ón Aire, go ginearálta nó faoi threoir críche nó forála áirithe, agus féadfar laethanta éagsúla a shocrú amhlaidh chun críoch éagsúil agus le haghaidh forálacha éagsúla den Acht seo. Tosach feidhme.

(2) Maidir leis an aisghairm a dhéantar le halt 22 ar fhorálacha Acht 1972, féadfar, le hordú faoi fho-alt (1), laethanta éagsúla a shocrú chun

forálacha éagsúla den Acht sin a aisghairm nó chun aon fhoráil den Acht sin a aisghairm chun críoch éagsúil.

Léiriú.

3.—(1) San Acht seo, mura n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt—

ciallaíonn “Acht 1972” an tAcht um Chleachtais Srianata, 1972;

ciallaíonn “Acht 1978” an tAcht um Chumaisc, Táthcheangail agus Monaplachtaí (Rialú), 1978;

ciallaíonn “Acht 1987” an tAcht um Chleachtais Srianata (Leasú), 1987;

ciallaíonn “oifigeach údaraithe” duine a cheapfar faoi alt 20;

ciallaíonn “an tÚdarás” an tÚdarás Iomaíochta a bhunófar le halt 10;

ciallaíonn “an Chúirt” an Ard-Chúirt nó, i gcás achomhairc, an Chúirt Uachtarach;

ciallaíonn “an tAire” an tAire Tionscail agus Tráchtála;

ciallaíonn “forordaithe” forordaithe le rialacháin arna ndéanamh ag an Aire;

ciallaíonn “gnóthas” duine arb é atá ann pearsa aonair, comhlacht corpraithe nó comhlacht neamhchorpraithe daoine atá ag gabháil, le gnóchan a dhéanamh, d’earraí a tháirgeadh, a sholáthar nó a dháileadh nó do sheirbhís a chur ar fáil.

(2) San Acht seo aon tagairt d’alt nó do Sceideal is tagairt í d’alt den Acht seo nó do Sceideal a ghabhann leis an Acht seo, mura gcuirtear in iúl gur tagairt d’fhoráil éigin eile atá beartaithe.

(3) San Acht seo aon tagairt d’fho-alt nó do mhír is tagairt í don fho-alt nó don mhír den fhoráil ina bhfuil an tagairt, mura gcuirtear in iúl gur tagairt d’fhoráil éigin eile atá beartaithe.

(4) San Acht seo aon tagairt d’aon achtachán eile is tagairt í don achtachán sin arna leasú le haon achtachán eile lena n-áirítear an tAcht seo.

CUID II

RIALACHA IOMAÍOCHTA

4.—(1) Faoi réir fhorálacha an ailt seo, toirmisctear agus cuirtear ar neamhní gach comhaontú idir gnóthais, gach cinneadh ag comhlachais ghnóthas agus gach cleachtas comhbheartaithe arb é a gcuspóir nó a n-éifeacht iomaíocht i dtrádáil in aon earraí nó seirbhísí sa Stát nó in aon chuid den Stát a chosc, a shrianadh nó a shaobhadh, lena n-áirítear go háirithe, gan dochar do ghinearáltacht an fho-ailt seo, iad siúd trína ndéantar—

Comhaontuithe, cinntí agus cleachtais chomhbheartaithe atá frithiomaíoch.

- (a) praghsanna ceannaigh nó díola nó aon choinníollacha eile trádála a shocrú, go díreach nó go neamhdhíreach;
- (b) táirgeadh, margaí, forbairt theicniúil nó infheistiú a theorannú nó a rialú;
- (c) margaí nó foinsí soláthair a pháirtiú;
- (d) coinníollacha neamhionanna a chur chun feidhme ar idirbhearta combhionanna le páirtithe eile trádála sa dóigh go gcuirtear faoi mhíbhuntáiste san iomaíocht iad;
- (e) é a chur de choinníoll le conarthaí a chur i gcrích go nglacfaidh na páirtithe eile le hoibleagáidí forlíontacha nach bhfuil baint ar bith acu, óna nádúr ná ó ghnás na tráchtála, le hábhar na gconarthaí sin.

(2) Féadfaidh an tÚdarás Iomaíochta a bhunaítear leis an Acht seo (“an tÚdarás”) ceadúnas a dheonú, de réir alt 8, chun críocha an ailt seo i gcás—

- (a) aon chomhaontaithe nó aon earnála comhaontuithe,
- (b) aon chinnidh nó aon earnála cinntí,
- (c) aon chleachtais chomhbheartaithe nó aon earnála cleachtas chomhbheartaithe,

a chuidíonn, i dtuairim an Údaráis, ag féachaint do choinníollacha iomchuí uile an mhargaidh, le feabhas a thabhairt ar tháirgeadh nó dáileadh earraí nó ar sholáthar seirbhísí, nó leis an ascnamh teicniúil nó eacnamaíoch a chur chun cinn, agus cion cothrom den tairbhe uaidh sin a ligean le tomhaltóirí agus—

- (i) nach bhforchuireann ar na gnóthais atá i gceist téarmaí nach bhfuil fíor-riachtanach chun na haidhmeanna sin a ghnóthú;
- (ii) nach dtugann do ghnóthais breith ar iomaíocht a dhíchur i gcás cuid mhór de na táirgí nó de na seirbhísí atá i gceist.
- (3) (a) Ceadófar le ceadúnas faoi fho-alt (2), fad a bheidh sé i bhfeidhm agus de réir a théarmaí, gníomhartha a dhéanamh a bheadh toirmiscthe agus ar neamhní thairis sin faoi fho-alt (1).
- (b) I gcás comhaontuithe, cinntí nó cleachtais chomhbheartaithe d'earnáil áirithe a bheith i gceist i gceadúnas faoi fho-alt (2), ní gá fógra maidir le haon comhaontuithe, cinntí nó cleachtais chomhbheartaithe (de réir mar a bheidh) atá san earnáil sin agus a chomhlíonann téarmaí an cheadúnais a thabhairt faoi alt 7 d'fhonn tairbhe a bhaint as an gceadúnas fad a bheidh sé i bhfeidhm.
- (4) Féadfaidh an tÚdarás a dheimhniú gurb é a thuairim, ar bhonn na bhfíoras atá ina sheilbh aige, nach sárú ar fho-alt (1) aon chomhaontú, cinneadh nó cleachtas comhbheartaithe a mbeidh fógra maidir leis tugtha faoi alt 7.
- (5) Sula ndeonóidh sé ceadúnas nó sula n-eiseoidh sé deimhniú faoin alt seo, féadfaidh an tÚdarás cuireadh a thabhairt d'aon Aire Rialtais lena mbaineann an t-ábhar cibé tuairimí is mian leis a thabhairt.
- (6) An tráth a dheonóidh sé ceadúnas nó a eiseoidh sé deimhniú faoin alt seo, tabharfaidh an tÚdarás fógra láithreach, ar an modh forordaithe, do gach comhlacht lena mbaineann sé, ar fógra é ina luafar téarmaí agus dáta an chéanna agus na fáthanna a bhí leis agus cuirfidh sé faoi deara go bhfoilseofar an fógra san *Iris Oifigiúil* agus cuirfidh sé faoi deara go ndéanfar fógra i dtaobh dheonú an cheadúnais nó eisiúint an deimhnithe, de réir mar a bheidh, a fhoilsiú i nuachtán laethúil amháin a fhoilsítear sa Stát.
- (7) Maidir leis an toirmeasc atá i bhfo-alt (1), ní choiscfidh sé an Chúirt, le linn di aon dlínse a fheidhmiú a thugtar di leis an Acht seo agus a bhaineann le comhaontú, cinneadh nó cleachtas comhbheartaithe a sháraíonn an toirmeasc sin agus a chruthaíonn nó, murach an tAcht seo, a chruthódh caidreamh dlí idir na páirtithe ann, ar fheidhm a thabhairt, más cuí, d'aon rialacha dlí iomchuí maidir leis na téarmaí sin den chomhaontú,

den chinneadh nó den chleachtas comhbheartaithe sin a sháraíonn an toirmeasc sin a théarbhadh ó na téarmaí sin nach sáraíonn é.

(8) Maidir le comhaontú, cinneadh nó cleachtas comhbheartaithe den chineál dá dtagraítear i bhfo-alt (7), féadfaidh cúirt dlínse inniúla cibé ordú a dhéanamh i dtaobh gnóthú, aiseag nó eile idir na páirtithe sa chomhaontú, sa chinneadh nó sa chleachtas comhbheartaithe sin is dóigh léi is cóir sna himthosca go léir, ag féachaint go háirithe d'aon chomaoin nó tairbhe a thug nó a fuair na páirtithe sin ar a scór sin.

5.—(1) Toirmiscear ar ghnóthas nó ar ghnóthais aon mhí-úsáid a bhaint as ceannasacht atá aige nó acu i dtrádáil in aon earraí nó seirbhísí sa Stát nó i gcuid mhór den Stát. Mí-úsáid
ceannasachta.

(2) Gan dochar do ghinearáltacht fho-alt (1), d'fhéadfadh sé go háirithe gurb é a bheadh sa mhí-úsáid sin—

- (a) praghsanna míchóra ceannaigh nó díola nó coinníollacha míchóra eile trádála a fhorchur, go díreach nó go neamhdhíreach;
- (b) táirgeadh, margáí nó forbairt theicniúil a theorannú chun dochair do thomhaltóirí;
- (c) coinníollacha neamhionanna a chur chun feidhme ar idirbhearta comhionanna le páirtithe eile trádála sa dóigh go gcuirtear faoi mhíbhuntáiste san iomaíocht iad;
- (d) é a chur de choinníoll le conarthaí a chur i gcrích go nglacfaidh páirtithe eile le hoibleagáidí forlíontacha nach bhfuil baint ar bith acu, óna nádúr ná ó ghnás na tráchtála, le hábhar na gconarthaí sin.

6.—(1) Aon duine arb éagóir leis aon chomhaontú, cinneadh, cleachtas comhbheartaithe nó mí-úsáid atá toirmisce the faoi alt 4 nó 5, beidh ceart caingne aige le haghaidh faoisimh faoin alt seo i gcoinne aon ghnóthais ar páirtí é, nó ar pháirtí é aon tráth ábhartha, i gcomhaontú, i gcinneadh nó i gcleachtas comhbheartaithe den sórt sin nó a bhí ciontach i mí-úsáid den sórt sin. Ceart caingne.

(2) (a) Faoi réir mhír (b), is san Ard-Chúirt a thionscnófar caingean faoin alt seo.

(b) Féadfar caingean faoin alt seo a thionscnamh sa Chúirt Chuarda i leith aon mhí-úsáide atá toirmisce the faoi alt 5 ach,

maidir le haon fhaoiseamh ar mhodh damáistí, lena n-áirítear damáistí eiseamláireacha, ní bheidh siad, ach amháin le toiliú na bpáirtithe riachtanacha arna thabhairt i cibé foirm dá bhforálfar le rialacha cúirte, níos mó ná teorainn dhlinse na Cúirte Cuarda i gcaingean atá bunaithe ar thort.

(3) Féadfar na faoisimh seo a leanas, nó aon fhaoiseamh acu, a dheonú don ghearánaí i gcaingean faoin alt seo:

(a) faoiseamh ar mhodh urghaire nó dearbhaithe,

(b) faoi réir fho-alt (6), damáistí, lena n-áirítear damáistí eiseamláireacha.

(4) Beidh ceart caingne ag an Aire, maidir le comhaontú, cinneadh nó cleachtas comhbheartaithe nó le mí-úsáid atá toirmiscthe faoi alt 4 nó 5, le haghaidh na bhfaoiseamh a shonraítear i bhfo-alt (3)(a).

(5) (a) Más rud é, in imeachtaí faoin alt seo, go gcinntídh an Chúirt go críochnaitheach gur sárú ar an toirmeasc in alt 4(1) é comhaontú, cinneadh nó cleachtas comhbheartaithe atá i gceist, scoirfidh aon deimhniú atá i bhfeidhm faoi alt 4(4) i ndáil leis an gcomhaontú, leis an gcinneadh nó leis an gcleachtas comhbheartaithe sin, air sin, d'fheidhm agus d'éifeacht a bheith leis amhail ó dháta an ordaithe ón gCúirt agus cuirfidh an Chúirt faoi deara cóip dheimhnithe den ordú sin a sheirbheáil ar an Údarás.

(b) Cuirfidh an tÚdarás faoi deara, a luaithe is féidir, fógra a fhoilsiú san *Iris Oifigiúil* á chur in iúl go bhfuil, de bhun mhír (a), deimhniú uaidh scortha d'fheidhm agus d'éifeacht a bheith leis.

(6) I gcás go mbeidh nó go raibh deimhniú de bhun alt 4(4) i bhfeidhm i ndáil le comhaontú, cinneadh nó cleachtas comhbheartaithe agus nár cúlghaireadh an deimhniú sin faoi alt 8(6)(b), ní bheidh éilitheoir i dteideal damáistí de bhun an ailt seo i leith sárú ar an toirmeasc in alt 4(1) in aon imeachtaí faoin alt seo, a thosófar tar éis eisiúint an deimhnithe sin, mar gheall ar chaillteanas a fulaingíodh de dhroim an chomhaontaithe, an chinnidh nó an chleachtais chomhbheartaithe sin i leith na tréimhse a bhfuil nó a raibh an deimhniú i bhfeidhm lena linn, ach ní dochar an fo-alt seo d'aon cheart chun damáistí mar gheall ar shárú ar an toirmeasc in alt 5.

(7) Ní bheidh feidhm ag an alt seo maidir le haon chomhaontú, cinneadh nó cleachtas comhbheartaithe lena mbaineann alt 7(2) a mbeidh fógra tugtha go cuí don Údarás maidir leis go dtí go mbeidh cinnte ag an Údarás ceadúnas faoi alt 4(2) a dheonú nó diúltú é a dheonú, nó deimhniú faoi alt 4(4) a eisiúint nó gan é a eisiúint, i ndáil leis agus go dtí go gcríochnófar aon achomharc chun na Cúirte faoi alt 9 i ndáil leis an gceadúnas nó leis an deimhniú.

(8) Cuirfidh an tÚdarás faoi deara, a luaithis is féidir, aon chinneadh ón Údarás dá dtagraítear i bhfo-alt (7) a fhoilsiú san *Iris Oifigiúil* agus beidh cóip d'aon fhógra den sórt sin ina fianaise *prima facie* ar dhéanamh agus ar dháta an chinnidh sin, agus ar a bhfuil ann, in aon chaingean faoin alt seo.

7.—(1) Tabharfar fógra don Údarás maidir le gach comhaontú, cinneadh agus cleachtas comhbheartaithe de chineál a thuairiscítear in alt 4 (1) a thiocfaidh chun bheith ar marthain tar éis thosach feidhme an ailt sin agus a n-iarrafaidh na páirtithe ann ceadúnas faoi alt 4(2) nó deimhniú faoi alt 4 (4) den alt sin ina leith.

Fógra a thabhairt don Údarás maidir le comhaontuithe, cinntí agus cleachtais chomhbheartaithe.

(2) Déanfar fógra maidir le gach comhaontú, cinneadh agus cleachtas comhbheartaithe de chineál a thuairiscítear in alt 4(1) atá ar marthain ar thosach feidhme an ailt sin agus a lorgóidh na páirtithe ceadúnas faoi alt 4(2) nó deimhniú faoi alt 4(4) ina leith a thabhairt don Údarás laistigh de bhliain amháin ón tosach feidhme sin.

(3) Ní dheonófar ceadúnas faoi alt 4(2) ná deimhniú faoi alt 4(4) go dtí go mbeidh fógra maidir leis an gcomhaontú, leis an gcinneadh nó leis an gcleachtas comhbheartaithe (de réir mar a bheidh) tugtha don Údarás ach féadfar, i gcás comhaontú, cinneadh nó cleachtas comhbheartaithe lena mbaineann fo-alt (1), éifeacht chúlghabhálach a thabhairt d'aon cheadúnas den sórt sin siar go dtí dáta an fhógra faoin bhfo-alt sin.

(4) Beidh cibé táille a bheidh forordaithe ag gabháil le fógra de réir an ailt seo.

(5) Chun críche fheidhmiú a fheidhmeanna i ndáil le ceadúnais faoi alt 4(2) agus i ndáil le deimhnithe faoi alt 4(4), féadfaidh an tÚdarás glacadh le cibé tuairimí nó aighneachtaí is cuí leis ó dhaoine a mhaíonn gur daoine leasmhara iad.

(6) Déanfar feidhmeanna an Údaráis faoin Acht seo a chur i gcrích de réir cibé nósanna imeachta, más ann, a bheidh forordaithe.

Ceadúnas ón Údarás
faoi alt 4(2) agus
deimhniú ón Údarás
faoi alt 4(4).

8.—(1) Deonófar ceadúnas ón Údarás faoi alt 4(2) go ceann tréimhse sonraithe agus faoi réir cibé coinníollacha a bheidh ag gabháil leis an gceadúnas agus a bheidh sonraithe ann.

(2) Féadfaidh an tÚdarás ó am go ham, ar iarratas ó pháirtí in iarraidh faoi alt 7, tréimhse ceadúnais a fhadú más é a thuairim go bhfuil ceanglais alt 4(2) á gcomhlíonadh i gcónaí agus cuirfidh an tÚdarás faoi deara, a luaithe is féidir, fógra maidir le haon fhadú den sórt sin a fhoilsiú san *Iris Oifigiúil*.

(3) I gcás gurb é tuairim an Údaráis, ag féachaint do cheanglais alt 4(2) agus don bhonn ar ar deonaíodh ceadúnas faoin bhfo-alt sin—

- (a) go bhfuil athrú ábhartha tagtha ar aon cheann de na himthosca ar ar bunaíodh an cinneadh,
- (b) go ndéanann aon pháirtí sárú ar oibleagáid ar bith atá ag gabháil leis an gcinneadh,
- (c) gur bunaíodh an ceadúnas ar fhaisnéis a bhí míchruinn go hábhartha nó a bhí míthreorach, nó
- (d) go mbaineann aon pháirtí mí-úsáid as an gcead a thugtar dó leis an gceadúnas,

féadfaidh an tÚdarás an ceadúnas a chúlghairm nó a leasú agus, gan dochar do ghinearáltacht an fho-ailt seo, féadfaidh sé go háirithe coinníollacha a chur isteach i gceadúnas arb é is éifeacht leo gníomhartha sonracha ag aon pháirtí ann, ar gníomhartha iad a bheadh údaraithe thairis sin de bhun an cheadúnais sin, a thoirmeasc.

(4) Cuirfidh an tÚdarás faoi deara, a luaithe is féidir, fógra maidir le gach cúlghairm nó leasú a dhéantar ar cheadúnas faoi alt 4(2) a fhoilsiú san *Iris Oifigiúil*.

(5) Beidh éifeacht le gach ceadúnas faoi alt 4(2) de réir a théarmaí, ach sin faoi réir aon leasaithe air lena n-áirítear aon choinníollacha a chuirtear isteach ann faoi fho-alt (3) den alt seo.

(6) Féadfaidh an tÚdarás deimhniú faoi alt 4(4) a chúlghairm i gcás gurb é a thuairim—

- (a) go bhfuil athrú ábhartha tagtha ar aon cheann de na himthosca ar ar bunaíodh an deimhniú, nó

(b) gur bunaíodh an deimhniú ar fhaisnéis a bhí míchruinn go hábhartha nó a bhí míthreorach.

(7) Cuirfidh an tÚdarás faoi deara, a luaithé is féidir, fógra maidir le gach cúlghairm faoi fho-alt (6) a fhoilsiú san *Iris Oifigiúil*.

9.—(1) Féadfaidh aon ghnóthas nó aon chomhlachas gnóthas lena mbaineann, nó aon duine eile arb éagóir leis ceadúnas nó deimhniú ón Údarás faoi alt 4(2) nó (4), nó féadfaidh an tAire, achomharc a dhéanamh chun na hArd-Chúirte laistigh de 28 lá ó fhoilsiú an cheadúnais nó an deimhnithe de bhun an Achta seo agus féadfaidh an Chúirt, ar aon achomharc den sórt sin a éisteacht, an ceadúnas a bhfuil achomharc á dhéanamh amhlaidh ina aghaidh a dhaingniú, a leasú nó a chúlghairm nó, i gcás deimhnithe den sórt sin, féadfaidh sí an deimhniú a chealú nó diúltú é a chealú.

Achomharc chun na hArd-Chúirte.

(2) Áirítear ar an gceart achomhairc i ndáil le ceadúnas faoi alt 4(2) an ceart chun achomharc a dhéanamh in aghaidh coinníollacha, a ghabhann le haon díolúine a dheonaítear, a chur isteach sa cheadúnas nó a eisiamh as.

(3) Féadfaidh an Chúirt a ordú go ndéanfar ceadúnas nó deimhniú a mbeidh achomharc tionscanta ina leith faoin alt seo a fhionraí go dtí go n-éistfear agus go gcríochnófar an t-achomharc.

(4) Féadfaidh aon ghnóthas nó aon chomhlachas gnóthas lena mbaineann, nó féadfaidh an tAire, achomharc a dhéanamh chun na hArd-Chúirte laistigh de 28 lá ón dáta a bhfógrófar nó a bhfoilseofar, de bhun an Achta seo, cúlghairm nó leasú atá déanta ag an Údarás, de bhun alt 8(3), ar cheadúnas faoi alt 4(2), nó cúlghairm atá déanta ag an Údarás, de bhun alt 8(6), ar dheimhniú faoi alt 4(4).

(5) Féadfaidh an Chúirt an t-am a shonraítear i bhfo-alt (1) nó (4) a fhadú in aon chás inar dóigh léi gur cóir agus gur caoithiúil é sin a dhéanamh.

CUID III

AN tÚDARÁS IOMAÍOCHTA

10.—(1) Beidh comhlacht ann ar a dtabharfar an tÚdarás Iomaíochta chun na feidhmeanna a shanntar dó leis an Acht seo a fheidhmiú.

An tÚdarás Iomaíochta a bhunú.

(2) Beidh an tÚdarás arna bhunú ar cibé lá a cheapfaidh an tAire le hordú.

(3) Comhlíonfaidh an tÚdarás, go háirithe, aon fheidhm de chuid an Choimisiúin Chóir-Thrádála faoi Acht 1972 nach mbeidh curtha i gcrích ar thosach feidhme an ailt seo agus, dá réir sin, leasaítear ailt 7 agus 8 d'Acht 1978 trí thagairtí don Údarás a chur in ionad tagairtí don Choimisiún Cóir-Thrádála.

(4) Beidh éifeacht le forálacha an Sceidil i ndáil leis an Údarás.

Staidéir agus anailísí ag an Údarás.

11.—Féadfaidh an tÚdarás, ar iarraidh ón Aire, staidéar agus anailís a dhéanamh ar aon chleachtas nó modh iomaíochta a fhearann ar sholáthar agus dáileadh earraí nó ar sholáthar seirbhísí, agus féadfaidh sé, nuair a iarrann an tAire air é, torthaí aon staidéir nó anailíse den sórt sin a thuairisciú dó. Féadfaidh staidéar nó anailís ar aon fhorbairt lasmuigh den Stát a bheith i gceist, nó a bheith san áireamh, in aon staidéar nó anailís.

Tuarascálacha.

12.—(1) Cuirfidh an tÚdarás tuarascáil bhliantúil ar a chuid gníomhaíochtaí faoi bhráid an Aire laistigh de cheithre mhí tar éis dheireadh gach bliana.

(2) Déanfaidh an tAire cóip de gach tuarascáil den sórt sin a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas laistigh de cheithre mhí tar éis dó an tuarascáil a fháil.

CUID IV

CUMAISIC, TÁTHCHEANGAIL AGUS MONAPLACHTAÍ

Forléiriú le hAcht 1978.

13.—Forléireofar an Chuid seo, Acht 1978 agus na Codanna eile den Acht seo mar aon ní amháin.

Imscrúdú ar mhí-úsáid ceannasachta.

14.—(1) I gcás gurb é tuairim an Aire go bhfuil, contrártha d'alt 5, mí-úsáid á baint as ceannasacht, féadfaidh sé a iarraidh ar an Údarás imscrúdú a chur i gcrích agus déanfaidh an tÚdarás de réir na hiarrata.

(2) I gcás go seolfaidh an tÚdarás imscrúdú de bhun iarrata faoi fho-alt (1) tabharfaidh sé tuarascáil air sin don Aire agus déarfar sa tuarascáil—

- (a) an bhfuil, i dtuairim an Údaráis, ceannasacht ar marthain, agus
- (b) má tá, an bhfuil, i dtuairim an Údaráis, mí-úsáid á baint as an gceannasacht sin.
- (3) Tar éis don Aire tuarascáil ón Údarás faoi fho-alt (2) a bhreithniú, féadfaidh sé le hordú, más gá sin ar mhaithe le leas an phobail, tar éis dó dul i gcomhairle le haon Aire Rialtais eile lena mbaineann—
- (a) buanú na ceannasachta a thoirmeasc ach amháin ar choinníollacha a bheidh sonraithe san ordú, nó
- (b) a cheangal an cheannasacht a choigeartú, ar mhodh agus laistigh de thréimhse a bheidh sonraithe san ordú, trí shócmhainní a dhíol nó ar shlí eile de réir mar a shonróidh an tAire.
- (4) In ordú faoin alt seo luafar na fáthanna go ndearnadh an t-ordú.
- (5) Féadfaidh an tAire, le hordú, ordú faoin alt seo a chúlghairm agus féadfaidh sé, le comhaontú gach fiontair lena mbaineann, ordú faoin alt seo a leasú.
- (6) Ní bheidh éifeacht le hordú faoin alt seo mura mbeidh agus go dtí go mbeidh sé daingnithe le rún ó gach Teach den Oireachtas.
- (7) Déanfar na tagairtí d’alt 11 d’Acht 1978 atá in ailt 12 agus 13 den Acht sin a fhorléiriú mar thagairtí don alt seo agus forléireofar an téarma “monaplacht” mar thagairt do mhí-úsáid ceannasachta.
- (8) Beidh comhlíonadh ordaithe faoin alt seo ina chosaint mhaith ar chaingean faoi alt 6 i leith aon tréimhse tar éis an chomhlíonta sin, sa mhéid gur caingean í i leith aon ní is ábhar don chomhlíonadh sin.
- (9) Folaíonn ceart caingne le haghaidh faoisimh faoi alt 6 ceart caingne i leith sárú ordaithe faoin alt seo.
- (10) Foilseoidh an tAire tuarascáil faoi fho-alt (2), le haird chuí ar rúndacht tráchtála, laistigh de dhá mhí ón dáta a dtugann an tÚdarás dó í.
- (11) Aisghairtear leis seo ailt 10 agus 11 d’Acht 1978.

Mínte in Acht 1978.

15.—(1) Ní fholóidh “seirbhís” in alt 1(1) d’Acht 1978 úinéireacht agus aistriú talún i gcás gurb í an ghníomhaíocht sin an t-aon ghníomhaíocht amháin atá ag an bhfiontar a bhfuiltear ag lorg rialú ann.

(2) Leasaítear leis seo alt 1(3) d’Acht 1978 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (c):

“(c) Gan dochar do mhír (b), má dhéanann fiontar (dá ngairtear ‘an chéad fhiontar’ sa mhír seo) an ceart a ghlacadh, trína fháil nó ar shlí eile, i bhfiontar eile (dá ngairtear ‘an dara fiontar’ sa mhír seo) ar comhlacht corpraithe é—

(i) chun tromlach de bhord nó de choiste bainistíochta an dara fiontar a cheapadh nó a dhíchur, nó

(ii) chun scaireanna de chuid an dara fiontar lena ngabhann cearta vótála, ach amháin i gcás na cearta vótála sa dara fiontar atá faoi rialú an chéad fhiontar—

(I) gan a bheith, tar éis na fála, níos mó ná 25 faoin gcéad d’iomlán na gceart vótála sin, nó

(II) a bheith, roimh an bhfáil, níos mó ná leath iomlán na gceart vótála sin,

measfar na fiontair sin a bheith tugtha faoi rialú comhchoiteann.”.

(3) Leasaítear leis seo alt 1(3)(e) d’Acht 1978 tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh “roimh an bhfáil” ag deireadh na míre, eadhon, “agus gur mó luach na sócmhainní sin nó luach an láimhdeachais a ghintear uathu ná na tairseacha dá dtagraítear in alt 2(1)(a).”.

Fógra a thabhairt maidir le cumasc nó táthcheangal beartaithe.

16.—Leasaítear leis seo Acht 1978 tríd an alt seo a leanas a chur in ionad alt 5:

“5.—(1) Déanfaidh gach ceann de na fiontair atá i gceist i gcumasc nó táthcheangal beartaithe fógra i scríbhinn maidir leis an mbeartú a thabhairt don Aire agus sonraí iomlána ina thaobh a chur ar fáil laistigh den tréimhse shonraithe tar éis don tairiscint inghlactha a bheith déanta, a mbeadh d’éifeacht léi na fiontair a thabhairt faoi rialú comhchoiteann.

(2) I gcás gurb é tuairim an Aire, tar éis dó fógra a fháil faoin alt seo ó gach ceann de na fiontair atá i gceist, go dteastaíonn tuilleadh faisnéise uaidh d'fhonn breithniú a dhéanamh chun críocha an Achta seo ar chumasc nó táthcheangal beartaithe, féadfaidh sé, laistigh de mhí ó dháta an fhógra a fháil, nó ó dháta an fhógra deiridh acu sin a fháil, de réir mar a bheidh, a iarraidh ar aon cheann amháin nó níos mó de na fiontair lena mbaineann an fhaisnéis bhreise sin a thabhairt dó i scríbhinn agus cuirfidh gach fiontar acu an fhaisnéis ar fáil laistigh de thréimhse a shonróidh an tAire i scríbhinn dóibh.

(3) (a) I gcás fo-alt (1) nó (2) a shárú, beidh an duine a rialaíonn fiontar a mhainneoidh fógra a thabhairt don Aire laistigh den tréimhse shonraithe, nó a mhainneoidh an fhaisnéis a iarrtar a chur ar fáil laistigh den tréimhse a shonróidh an tAire, ciontach i gcion agus dlífear—

(i) ar é a chiontú go hachomair, fineáil nach mó ná £1,000 agus, as sárú leanúnach, fineáil mhainneachtana laethúil nach mó ná £100, a chur air, nó

(ii) ar é a chiontú ar díotáil, fineáil nach mó ná £200,000 agus, as sárú leanúnach, fineáil mhainneachtana laethúil nach mó ná £20,000, a chur air.

(b) I gcás go ndlífear fineáil mhainneachtana laethúil a chur ar dhuine, beidh sé ciontach i sárú na forála ar gach lá a leanfar den sárú tar éis an tréimhse shonraithe a bheith imithe in éag.

(c) Chun críocha an fho-ailt seo, is é an duine a rialaíonn fiontar—

(i) i gcás comhlachta chorpraithe, aon oifigeach don chomhlacht corpraithe a dhéanfaidh, go feasach agus go toiliúil, an sárú a údarú nó a cheadú,

(ii) i gcás comhpháirtíochta, gach comhpháirtí a dhéanfaidh, go feasach agus go toiliúil, an sárú a údarú nó a cheadú,

(iii) i gcás fiontair de chineál ar bith eile, aon phearsa aonair a rialaíonn an fiontar sin agus a dhéanfaidh,

go feasach agus go toiliúil, an sárú a údarú nó a cheadú.

(4) Chun críocha an ailt seo is é a bheidh sa tréimhse shonraithe mí amháin nó cibé tréimhse eile a shonróidh an tAire.

(5) Ní bheidh fógra chun críocha fho-alt (1) bailí i gcás aon fhaisnéis a chuirtear ar fáil nó aon ráiteas a dhéantar faoi fho-alt (1) nó (2) a bheith bréagach nó míthreorach.”.

Leasú ar ailt 6, 7 agus 8 d’Acht 1978.

17.—(1) Leasaítear leis seo alt 6 d’Acht 1978 trí “nó alt 7” a chur isteach i ndiaidh “alt 3”.

(2) Leasaítear leis seo Acht 1978 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad alt 7:

“7.—Tar éis don Aire fógra a fháil faoi alt 5 déanfaidh sé—

(a) scéala a thabhairt, a luaithe is féidir, do na fiontair a thug an fógra, agus d’aon fhiontar eile atá i gceist agus a dhéanfaidh fiafraithe air, gur chinn sé gan ordú a dhéanamh faoi alt 9 i ndáil leis an gcumasc nó leis an táthcheangal beartaithe, nó

(b) laistigh de 30 lá tar éis thosach na tréimhse iomchuí, an fógra a tharchur chun an Údaráis lena imscrúdú.”.

(3) Leasaítear leis seo alt 8(1) d’Acht 1978 trí “nach lú ná 30 lá tar éis an tarchuir” a chur isteach i ndiaidh “roimh cibé dáta”.

(4) Leasaítear leis seo alt 8 d’Acht 1978 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (2):

“(2) (a) Cuirfidh an tÚdarás a thuairim in iúl, i dtuarascáil uaidh faoi fho-alt (1), i dtaobh cibé acu ba dhóigh nó nár dhóigh don chumasc nó don táthcheangal beartaithe áirithe iomaíocht a chosc nó a shrianadh nó trádáil in aon earraí nó seirbhísí a theorannú agus cibé acu ba dhóigh nó nár dhóigh dó oibriú i gcoinne leas an phobail.

(b) Tabharfaidh an tÚdarás a thuairimí maidir leis an éifeacht is dócha a bheadh ag an gcumasc nó ag an táthcheangal beartaithe ar leas an phobail ó thaobh na nithe seo a leanas de:

- (i) leanúnachas soláthairtí nó seirbhísí,
- (ii) an leibhéal fostaíochta,
- (iii) forbairt réigiúnach,
- (iv) réasúnú oibríochtaí ar mhaithe le breis éifeachtachta,
- (v) taighde agus forbairt,
- (vi) táirgeadh breise,
- (vii) rochtain ar mhargaí,
- (viii) scairshealbhóirí agus comhpháirtithe,
- (ix) fostaithe,
- (x) tomhaltóirí.”.

(5) Foilseoidh an tAire aon tuarascáil den sórt sin, le haird chuí ar rúndacht tráchtála, laistigh de dhá mhí ón dáta a dtugann an tÚdarás dó í.

(6) Aisghairtear leis seo an Sceideal a ghabhann le hAcht 1978.

18.—Leasaítear leis seo alt 9(1)(a) d’Acht 1978 tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh “leas an phobail”, eadhon “lena n-áirítear na critéir in alt 8 ach gan bheith teoranta dóibh sin,”. Leasú ar alt 9 d’Acht 1978.

19.—(1) Má sheolann Coimisiún na gComhphobal Eorpach chuig an Aire cóip d’fhógra a rinneadh faoi Rialachán (CEE) Uimh. 4064/89 ón gComhairle maidir le rialú comhchruinnithe idir gnóthais, is ionann an seoladh sin agus fógra a thabhairt faoi alt 5 d’Acht 1978 (a cuireadh isteach le halt 16 den Acht seo). Comhchruinnithe a rialú.

(2) Ní bheidh tús leis an tréimhse iomchuí i leith fógra den sórt sin go dtí go ndéanfaidh Coimisiún na gComhphobal Eorpach cinneadh faoi Airteagal 9 nó 21(3) den Rialachán sin.

CUID V

GINEARÁLTA

Oifigigh údaraithe.

20.—Féadfaidh an tAire, agus féadfaidh an tÚdarás le toiliú an Aire, daoine a cheapadh chun bheith ina n-oifigigh údaraithe chun críocha an Achta seo.

Cumhachtaí oifigeach údaraithe.

21.—(1) D'fhonn aon fhaisnéis a fháil is gá chun go bhfeidhmeoidh an tÚdarás nó an tAire aon fheidhmeanna dá gcuid faoin Acht seo, féadfaidh oifigeach údaraithe, ar bharántas a thabhairt ar aird a bheidh eisithe ag Breitheamh den Chúirt Dúiche agus a údaraíonn go sainráite dó é sin a dhéanamh—

- (a) dul isteach agus iniúchadh a dhéanamh in áitreabh ag a bhfuil, nó i bhfeithiclí ina bhfuil nó trína bhfuil, aon ghníomhaíocht á seoladh i dtaca le gnó ag soláthar nó ag dáileadh earraí nó ag cur seirbhíse ar fáil, nó i dtaca le heagrú daoine a ghabhann d'aon ghnó den sórt sin, nó le cuidiú leo,
- (b) a cheangal ar an duine a sheolann an ghníomhaíocht sin agus ar aon duine atá fostaithe i dtaca leis sin aon leabhair, doiciméid nó taifid a bhaineann leis an ngníomhaíocht sin, agus atá faoi chumhacht nó faoi urlámhas an duine sin, a thabhairt ar aird don oifigeach údaraithe, agus cibé faisnéis a thabhairt don oifigeach údaraithe a éileoidh sé le réasún maidir le haon iontrálacha sna leabhair, sna doiciméid agus sna taifid sin,
- (c) aon leabhair, doiciméid agus taifid den sórt sin a iniúchadh agus a chóipeáil nó sleachta a thógáil astu,
- (d) a cheangal ar dhuine a luaitear i mír (b) aon fhaisnéis a éileoidh an t-oifigeach údaraithe a thabhairt dó maidir leis na daoine a sheolann an ghníomhaíocht sin (lena n-áirítear, go háirithe, i gcás comhlachta neamhchorpraithe daoine, faisnéis maidir le comhaltas an chomhlachta sin agus lena choiste bainistíochta nó lena údarás rialaithe eile) nó atá fostaithe i dtaca léi,
- (e) a cheangal ar dhuine a luaitear i mír (b) aon fhaisnéis a éileoidh an t-oifigeach údaraithe le réasún i dtaca leis an ngníomhaíocht sin a thabhairt don oifigeach.

(2) Féadfaidh Breitheamh den Chúirt Dúiche barántas a eisiúint faoi fho-alt (1) más deimhin leis, ó fhaisnéis faoi mhionn, gur cuí dó é sin a dhéanamh chun críocha an fho-ailt sin.

(3) Aon duine a chuirfidh bac nó treampán ar oifigeach údaraithe agus é ag feidhmiú cumhachta a thugtar leis an alt seo, nó nach gcomhlíonfaidh ceanglas faoin alt seo, beidh sé ciontach i gcion agus dlífear, ar é a chiontú go hachomair, fineáil nach mó ná £1,000 nó príosúnacht ar feadh tréimhse nach faide ná dhá mhí dhéag, nó, de rogha na Cúirte, an fhíneáil sin agus an phríosúnacht sin le chéile, a chur air.

22.—Aisghairtear leis seo forálacha Acht 1972 agus gach ordú a rinneadh faoin Acht sin, agus ailt 5 agus 6 agus ailt 8 go 23 d'Acht 1987. Aisghairm.

23.—(1) Féadfaidh an tAire, le rialacháin, foráil a dhéanamh le haghaidh aon ní dá dtagraítear san Acht seo mar ní atá forordaithe nó le forordú. Rialacháin.

(2) Gach rialachán a dhéanfaidh an tAire faoin alt seo leagfar é faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithé is féidir tar éis a dhéanta agus má dhéanann ceachtar Teach acu sin, laistigh den 21 lá a shuífidh an Teach sin tar éis an rialachán a leagan faoina bhráid, rún a rith ag neamhniú an rialacháin, beidh an rialachán ar neamhniú dá réir sin, ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoin rialachán.

24.—Déanfar aon chaiteachais a thabhóidh an tAire ag riaradh an Achta seo a íoc, a mhéid a cheadóidh an tAire Airgeadais é, as airgead a sholáthróidh an tOireachtas. Caiteachais.

Alt 10.

AN SCEIDEAL

AN TÚDARÁS IOMAÍOCHTA

1. (1) Is iad na buanchomhaltaí a bheidh ar an Údarás cathaoirleach agus beirt chomhalta eile ar a laghad agus ceathrar comhalta eile ar a mhéid, arb é an tAire a cheapfaidh gach duine acu.

(2) Aon uair a fheicfear don Aire go bhfuil buanchomhalta éagumasach go sealadach ar a dhualgais a chomhlíonadh, féadfaidh an

tAire comhalta sealadach a cheapadh chun gníomhú ina ionad le linn an éagumais sin nó ar feadh cibé tréimhse is giorra ná sin is cú leis an Aire.

(3) Féadfaidh an tAire comhaltaí sealadacha breise a cheapadh freisin ar feadh cibé tréimhse agus ar cibé téarmaí agus coinníollacha a shonróidh sé sa cheapachán.

2. (1) Socróidh an tAire téarma oifige buanchomhalta nuair a bheidh sé á cheapadh agus ní bheidh an téarma sin níos faide ná cúig bliana.

(2) Féadfar buanchomhalta a bheidh ag dul as oifig a athcheapadh.

(3) Beidh gach comhalta i seilbh oifige ar cibé coinníollacha a shocróidh an tAire tar éis dó dul i gcomhairle leis an Aire Airgeadais.

(4) Féadfar cibé luach saothair a chinnfidh an tAire, le toiliú an Aire Airgeadais, a íoc le comhalta.

(5) Ní bheidh feidhm maidir le hoifig comhalta ag Acht Choimisinéirí na Stát-Sheirbhíse, 1956, ná ag Achtanna Rialaithe na Státseirbhíse, 1956 agus 1958.

3. Má bhíonn leas pearsanta ag comhalta in ábhar áirithe atá á phlé ag an Údarás, cuirfidh sé é sin in iúl don Aire agus ní ghníomhóidh sé mar chomhalta le linn an t-ábhar sin a bheith á bhreithniú mura ndéanfaidh an tAire, ós é a thuairim nach bhfuil leas an chomhalta ina leas de chineál a chuirfeadh isteach ar chomhlíonadh neamhchlaon a dhualgas, údarás a thabhairt dó gníomhú.

4. (1) Féadfaidh an tAire comhalta a chur as oifig má éiríonn an comhalta éagumasach de dheasca easláinte ar a dhualgais mar chomhalta den sórt sin a chomhlíonadh go héifeachtach nó má fheictear don Aire gur gá é a chur as oifig ar mhaithe le comhlíonadh éifeachtach eacnamúil fheidhmeanna an Údaráis.

(2) Má chuireann an tAire comhalta as oifig leagfaidh sé faoi bhráid gach Tí den Oireachtas ráiteas i scríbhinn ag lua na gcúiseanna a bhí aige lena chur as oifig.

(3) Féadfaidh comhalta éirí as a oifig.

(4) Más rud é, i gcás comhalta den Údarás—

(a) go n-ainmneofar é mar chomhalta de Sheanad Éireann, nó

(b) go dtoghfar é mar chomhalta de cheachtar Teach den Oireachtas nó de Pharlaimint na hEorpa, nó

(c) go measfar, de bhun alt 15 (a cuireadh isteach leis an Acht um Thoghcháin do Thionól na hEorpa, 1984) den Acht um Thoghcháin do Thionól na hEorpa, 1977, é a bheith tofa chun Parlaimint na hEorpa chun folúntas a líonadh,

scoirfidh sé air sin de bheith ina chomhalta den Údarás.

(5) Duine a bheidh de thuras na huaire i dteideal, faoi Bhuan-Orduithe ceachtar Tí den Oireachtas, suí sa Teach sin nó is comhalta de Pharlaimint na hEorpa, beidh sé dícháilithe chun bheith ina chomhalta den Údarás.

(6) Beidh comhalta dícháilithe chun bheith, agus scoirfidh sé de bheith, i seilbh oifige má bhreithnítear ina fhéimheach é nó má dhéanann sé imshocraíocht nó comhshocraíocht lena chreidiúnaithe nó má chuireann cúirt dlínse inniúla pianbhreith phríosúnachta nó phianseirbhíse air nó má scoireann sé de bheith ina ghnáthchónaí sa Stát.

5. (1) Déanfaidh an tAire, le toiliú an Aire Airgeadais, scéim a cheapadh agus a chur i gcrích a luaithe is féidir chun pinsin, aiscí nó liúntais eile a dheonú do chomhaltaí nó i leith chomhaltaí an Údarás a scoirfidh de bheith i seilbh oifige, seachas comhaltaí a bhféadfar dámhachtain a dhéanamh ina leith faoi na hAchtanna Aoisliúntas, 1934 go 1963.

(2) Féadfaidh foráil a bheith i scéim faoin mír seo nach ndéanfaidh foirceannadh ceapacháin comhalta den Údarás le linn téarma oifige an chomhalta sin cosc a chur le pinsean, aisce nó liúntas eile a dhámhachtain dó.

(3) Féadfaidh an tAire, le toiliú an Aire Airgeadais, scéim a bheidh déanta aige faoin mír seo a leasú.

6. (1) Is é is córam do chruinniú den Údarás—

(a) triúr buanchomhalta mura n-údaróidh an tAire a mhalairt,

(b) triúr buanchomhalta le haghaidh cinntí i dtaobh iarrataí ar cheadúnas nó deimhniú faoi alt 4.

(2) Féadfaidh an tÚdarás gníomhú d'ainneoin folúntas ina chomhaltas.

(3) Féadfaidh an tÚdarás, faoi réir an Achta seo, a nós imeachta féin a rialáil.

(4) Féadfaidh an tÚdarás, le toiliú an Aire, oifigigh de chuid an Aire a cheapadh chun bheith ina n-oifigigh údaraithe chun críocha an Achta seo.

7. (1) Féadfaidh an tÚdarás, chun críocha a fheidhmeanna faoin Acht seo agus faoi Acht 1978, gach ceann nó aon cheann de na nithe seo a leanas a dhéanamh—

(a) finnéithe a thoghairm chun láithriú os a chomhair,

(b) na finnéithe a láithreoidh os a chomhair a cheistiú faoi mhionn (agus údaraítear leis seo do chomhalta ar bith finnéithe a chur faoi mhionn),

(c) a cheangal ar aon fhinné den sórt sin aon doiciméad atá faoina chumhacht nó faoina urlámhas a thabhairt ar aird don Údarás,

(d) cibé feidhm dá chuid is cuí leis a chomhlíonadh trí nó ag aon oifigeach don Aire a bheidh údaraithe go cuí chuige sin ag an Údarás.

(2) Beidh finné atá os comhair an Údaráis i dteideal na ndíolúintí agus na bpríbhleídí céanna amhail is dá mba fhinné os comhair na hArd-Chúirte é.

(3) Ní foláir toghairm a bheith sínithe ag comhalta amháin ar a laghad.

(4) Duine ar bith—

(a) a thoghairfear go cuí mar fhinné os comhair an Údaráis agus a mhainneoidh teacht i láthair, nó

(b) a bheidh i láthair mar fhinné agus a dhiúltóidh mionn a thabhairt a cheanglóidh an tÚdarás air go dlíthiúil a thabhairt nó aon doiciméad atá faoina chumhacht nó faoina urlámhas a thabhairt ar aird a cheanglóidh an tÚdarás air go dlíthiúil a thabhairt ar aird nó aon cheist a fhreagairt a cheanglóidh an tÚdarás air go dlíthiúil a fhreagairt, nó

(c) a dhéanfaidh aon ní eile a bheadh, dá mba chúirt ag a raibh cumhacht chimithe mar gheall ar dhíspeagadh cúirte an tÚdarás, ina dhíspeagadh ar an gcúirt sin,

beidh sé ciontach i gcion agus dlífear, ar é a chiontú go hachomair, fineáil nach mó ná £1,000 nó príosúnacht ar feadh tréimhse nach faide ná sé mhí nó, de rogha na cúirte, an fhíneáil sin agus an phríosúnacht sin le chéile, a chur air.

8. Féadfaidh duine ar bith aighneacht a chur faoi bhráid an Údaráis, sa tslí a fhorordófar lena rialacha, i ndáil le hábhar aon imscrúdaithe.

9. (1) Ní nochtfaidh duine ar bith faisnéis atá ar fáil dó de bhua na gcumhachtaí chun faisnéis a fháil a thugtar leis an Acht seo nó le haon achtachán eile a thugann feidhmeanna don Údarás nó trí bheith i láthair ag cruinniú den Údarás a chomórtar go príobháideach.

(2) Ní bheidh feidhm ag fomhír (1)—

(i) maidir le cumarsáid a dhéanfaidh comhalta den Údarás ag comhlíonadh a fheidhmeanna dó faoin Acht seo, ná

(ii) maidir le nochtadh faisnéise i dtuarascáil de chuid an Údaráis nó chun críche imeachtaí dlí faoin Acht seo nó de bhun ordaithe ó chúirt dlínse inniúla chun críocha aon imeachtaí sa chúirt sin.

(3) Má sháraíonn aon duine an mhír seo beidh sé ciontach i gcion agus dlífear, ar é a chiontú go hachomair, fineáil nach mó ná £1,000 nó príosúnacht ar feadh tréimhse nach faide ná sé mhí nó, de rogha na cúirte, an fhíneáil sin agus an phríosúnacht sin le chéile, a chur air.

10. (1) Féadfaidh an tAire, le toiliú an Aire Airgeadais, cibé oifigigh agus seirbhísigh a cheapadh is dóigh leis is gá chun cuidiú leis an Údarás i gcomhlíonadh a fheidhmeanna.

(2) Beidh na hoifigigh agus na seirbhísigh a cheapfar amhlaidh i seilbh oifige ar cibé téarmaí, agus gheobhaidh siad cibé luach saothair, a chinnfidh an tAire Airgeadais.

11. Beidh an tÚdarás, in aon imeachtaí, i dteideal na pribhléide céanna i leith cumarsáide chuig an Údarás, chuig aon comhalta den Údarás nó chuig aon oifigeach nó seirbhíseach dá chuid, nó i leith aon chumarsáide ag an gcéanna, is a bheadh aon Aire Rialtais.